Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

# Beartas um Chosaint Sonraí (Príobháideacht)

## Bealtaine 2024

## 1. Forléargas

Leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018, tugtar an ceart dlíthiúil chun príobháideachta do dhaoine aonair (ábhair sonraí) maidir lena sonraí pearsanta. Leagtar le RGCS agus le reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann ceanglais ar rialaitheoirí sonraí, lena n-áirítear Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (an Oifig) a bhailíonn, a shealbhaíonn agus a phróiseálann sonraí den sórt sin.

Ciallaíonn sonraí pearsanta sonraí a bhaineann le duine beo atá inaitheanta nó ar féidir é/í a aithint ó na sonraí féin, nó i gcomhar le sonraí eile atá i seilbh na hOifige, nó ar dócha go dtiocfaidh siad i seilbh na hOifige. Féadfaidh an Oifig na sonraí sin a choinneáil go leictreonach nó i gcomhaid pháipéir.

Leagtar amach sa bheartas seo an cuspóir ar lena aghaidh a bhailímid sonraí pearsanta, lena n-áirítear an bunús dleathach chun é sin a dhéanamh, na cineálacha sonraí pearsanta a láimhseálaimid agus na bealaí a bhailímid, a shealbhaímid agus a phróiseálaimid na sonraí pearsanta a fhaighimid. Baineann sé le sonraí pearsanta a fhaighimid nuair a dhéanann daoine ar ábhair sonraí iad teagmháil dhíreach linn agus le sonraí pearsanta a fhaighimid go hindíreach, mar atá leagtha amach thíos.

I gcomhréir le hAirteagal 37 de RGCS, tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha againn a thugann comhairle dúinn maidir le hoibleagáidí cosanta sonraí, a dhéanann monatóireacht ar chomhlíonadh agus a ghníomhaíonn mar chéad phointe teagmhála chun déileáil le fiosrúcháin um chosaint sonraí ó dhaoine aonair maidir le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta agus ar fheidhmiú a gceart. Tá sonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí leagtha amach i gCuid 9 thíos.

## 2. An fáth a gcoinnímid agus a bpróiseálaimid sonraí pearsanta

Mar chuid dár n-oibríochtaí laethúla, faigheann agus sealbhaíonn an Oifig sonraí pearsanta le haghaidh raon leathan cuspóirí

- ***Feidhmeanna reachtúla an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le hiniúchadh, scrúdú nó cigireacht agus eisiúint eisíocaíochtaí ón Státchiste -*** Agus an obair seo á déanamh againn, déanaimid rochtain a fháil agus scrúdú a dhéanamh ar éagsúlacht faisnéise chun tacú le torthaí agus conclúidí ár dtuarascálacha. Tá ceart reachtúil rochtana againn faoi alt 10 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, ar shonraí atá i seilbh comhlachtaí poiblí nuair is chun críche ár gcuid oibre iniúchóireachta agus scrúdaithe é. Féadfaidh faisnéis phearsanta a bheith sna sonraí sin. Is iad na príomhbhunúis dlí le próiseáil maidir lenár bhfeidhmeanna reachtúla ná Airteagail 6(1)(c)[1] agus 6(1)(e)[2] de RGCS.
- ***Duine forordaithe faoin reachtaíocht um nochtadh cosanta -*** is duine forordaithe é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin reachtaíocht um nochtadh cosanta chun nochtaí a fháil maidir le húsáid mhíchuí cistí poiblí agus acmhainní poiblí nó le nithe a bhaineann le luach ar airgead i leith na n-eintiteas sin atá faoina shainchúram. Próiseálaimid sonraí pearsanta a fhaightear nuair a dhéantar nochtaí don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Féadfaidh ainm agus sonraí teagmhála, sonraí faoi chuspóir na teagmhála agus aon sonraí pearsanta eile a sholáthraíonn an nochtóir a bheith ar áireamh sna sonraí pearsanta. Is iad Airteagail 6(1)(c)1 agus 6(1)(e)2 de RGCS na príomhbhunúis dlí don phróiseáil sin.

---

[1] Oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh.

[2] Tasc a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir a fheidhmiú.

- ***Imeachtaí 'léargas iniúchóireachta' ina gcuirtear foghlaim chomhroinnte agus dea-chleachtas in iúl -*** óstálaimid imeachtaí léargas iniúchóireachta ina gcomhroinntear faisnéis faoi shaincheisteanna coitianta a thagann chun cinn arís agus arís eile agus samplaí den dea-chleachtas a sainaithníodh trínár gcuid oibre maidir le hiniúchóireacht airgeadais agus le hiniúchóireacht feidhmíochta. Áirítear leis sin de ghnáth ainm agus sonraí teagmhála agus riachtanais chothaithe agus riachtanais rochtana/saoráide, nuair is cuí. Is é Airteagal 6(1)(a)[3] de RGCS an bunús dlí don phróiseáil sin.

- ***Feidhmeanna riaracháin -*** sealbhaímid agus próiseálaimid sonraí pearsanta maidir lenár bhfostaithe reatha agus ár n-iarfhostaithe, soláthraithe, daoine a dhéanann iarrataí saorála faisnéise agus daoine eile a ndéanaimid cumarsáid leo agus ár bhfeidhmeanna riaracháin á gcomhlíonadh againn. De ghnáth, cuimsíonn an cineál sonraí pearsanta a phróiseálaimid ainm agus sonraí teagmhála, an chuideachta nó an eagraíocht lena n-oibríonn duine agus sonraí pearsanta eile a thugtar don Oifig le linn na feidhmeanna sin a chomhlíonadh. Tá beartas sonraí pearsanta ar leith againn don fhoireann, rud ina bhfuil mion cur síos déanta ar na sonraí pearsanta a shealbhaítear chuige sin. Is iad na bunúis dlí chun faisnéis phearsanta a phróiseáil maidir lenár bhfeidhmeanna riaracháin ná Airteagail 6(1)(a)[3], 6(1)(b)[4], 6(1)(c)[1], 6(1)(e)[2] agus 6(1)(f)[5].

## 3. Conas a láimhseálaimid do shonraí pearsanta

Gabhaimid go hiomlán orainn féin do shonraí a chosaint mar is gá faoi RGCS agus faoi reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann. Cloímid leis na príomhphrionsabail um chosaint sonraí, mar atá leagtha amach in Airteagal 5 de RGCS, agus d'fhaisnéis á próiseáil againn. Maidir le sonraí pearsanta

- ní mór iad a phróiseáil go dleathach, go cothrom agus ar bhealach atá trédhearcach don ábhar sonraí (dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht)
- níor cheart iad a bhailiú, a chruthú nó a phróiseáil ach amháin chun críche sonraithe, sainráite agus dleathach amháin nó níos mó (teorannú de réir cuspóra)
- ní mór iad a bheith leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid atá riachtanach chun na gcríoch sin (íoslaghdú sonraí)
- ní mór iad a choinneáil cruinn agus, nuair is gá, cothrom le dáta (cruinneas)
- níor cheart iad a choinneáil níos faide ná mar is gá (teorannú stórála)
- ní mór iad a choinneáil sábháilte agus slán (sláine agus rúndacht).

Déileálaimid leis na sonraí pearsanta uile a fhaightear mar shonraí rúnda agus ní úsáidimid sonraí dá leithéid ach amháin chun na gcríoch a fuarthas iad. Mar sin féin, féadfaimid sonraí a chomhroinnt le tríú páirtithe, mar shampla ranna eile rialtais nó údaráis phoiblí, nuair a cheadaítear nó nuair a éilíonn foráil reachtach ar leith é sin.

Cinnteoimid go bhfuil an fhaisnéis a lorgaítear agus a choinnítear ar an íosmhéid is gá chun ár bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh agus chun críocha riaracháin.

---

[3] Tá toiliú tugtha ag an ábhar sonraí.

[4] I gcás gur gá an phróiseáil a dhéanamh chun conradh a chomhlíonadh.

[5] Leasanna dlisteanacha an Rialaitheora nó tríú páirtí.

Coinnímid sonraí de réir reachtaíocht na Cartlainne Náisiúnta agus de réir ár mbeartais bainistíochta taifead ina bhfuil an tréimhse choinneála do na taifid atá againn sonraithe. Socraíonn údaráis lasmuigh den Oifig an sceideal coinneála do shraitheanna áirithe taifead san Oifig i gcásanna áirithe.

## 4 Conas a bhailímid sonraí pearsanta

Bailímid sonraí pearsanta ó roinnt foinsí.

### *Sonraí na gcomhlachtaí Iniúchta*

Is príomhfhoinse fianaise chun feidhmeanna reachtúla an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a chomhlíonadh iad taifid na gcomhlachtaí iniúchta, fiosruithe ó riarthóirí, cigireachtaí agus deimhnithe tríú páirtí. Is féidir sonraí pearsanta a fháil mar chuid den fheidhm reachtúil sin. I measc na samplaí tá sonraí párolla, íocaíochtaí deontais agus íocaíochtaí ó chomhlachtaí poiblí faoi scéimeanna éagsúla, agus taifid cáiníocóirí. Iarraimid go ndéanfaí sonraí a sholáthraíonn na comhlachtaí iniúchta a anaithnidiú, nuair is féidir, trí shonraí ar nós ainmneacha, dátaí breithe, seoltaí agus uimhreacha pearsanta seirbhíse poiblí a bhaint. Nuair is féidir, coimeádfar sonraí ar chóras an chomhlachta iniúchta nó aistreoidh an comhlacht iniúchta go slán iad chuig an Oifig trí úsáid a bhaint as an gcóras aistrithe comhad slán ar an áitreabh (File Cloud) nó as ardán comhoibrithe an Rialtais (HIVE). Coinneofar na sonraí a gheofar ar líonra TFC na hOifige de réir ár mBeartais um Shlándáil Faisnéise agus Sonraí.

### *Glaonna gutháin / físghlaonna ar an Oifig*

Ní dhéanaimid taifeadtaí de chomhráite gutháin nó físghlaonna a thaifeadadh ná a choinneáil. Is féidir go ndéanfar glórphoist a fhaigheann an Oifig a choinneáil. Le linn glao gutháin/físghlao, is féidir go ndéanfar sonraí pearsanta a fuarthas le linn an ghlao a thaifeadadh i bhfoirm nótaí.

### *Ríomhphoist*

Déantar gach ríomhphost a fhaighimid a shábháil agus is féidir iad a chur ar aghaidh chuig fostaithe/aonaid ábhartha na hOifige, de réir mar is gá, agus seoladh ríomhphoist an tseoltóra fós le feiceáil. Is í freagracht an tseoltóra a chinntiú nach sáraíonn ábhar a ríomhphost an dlí. Féadfar ábhar neamhdhleathach gan iarraidh, mar aon le sonraí an tseoltóra, a thuairisciú don Gharda Síochána agus/nó d'údaráis ábhartha eile agus féadfar bac a chur ar ríomhphoist bhreise ó fhaighteoirí dá leithéid.

### *Post*

Déantar gach post a fhaighimid a scanadh agus a chur ar aghaidh chuig fostaithe/aonaid ábhartha na hOifige sin lena mbaineann an ní. Comhdaítear agus coinnítear na bunleaganacha cruachóipe de mhíreanna poist de réir na dtréimhsí coinneála atá leagtha síos i mBeartas Bainistíochta Taifead na hOifige.

### *Na Meáin Shóisialta*

Tá cuntas meán sóisialta againn ar ardán LinkedIn chun tacú lenár bhfeidhmeanna. Amharcaimid ar theachtaireachtaí nó ar phoist a fhaightear ar an ardán meán sóisialta sin, ach ní dhéantar logáil nó stóráil ar na sonraí pearsanta atá sna teachtaireachtaí/postálacha seachas ar an ardán ábhartha meán sóisialta, agus ní dhéanaimid aon phróiseáil bhreise ar shonraí pearsanta dá leithéid.

***TCI***

Tá teilifís chiorcaid iata (TCI) in úsáid againn inár nOifig i mBaile Átha Cliath atá suite ag 3A Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1. Scriosann an Oifig taifeadtaí TCI tar éis míosa. Má thagann saincheist chun cinn trí na taifeadtaí, coinneofar an taifeadadh sin i gcomhthéacs imscrúdú na saincheiste.

***Suíomh Gréasáin***

Urraimímid príobháideacht gach úsáideora ar ár suíomh Gréasáin agus tá beartas againn ina bhfuil úsáid na bhfianán leagtha amach. Ní úsáideann ár suíomh gréasáin fianáin ach le haghaidh feidhmiúlachta agus chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an tsuímh gréasáin. Ní úsáideann sé aon fhianáin tríú páirtí ná fianáin sheasmhacha.

## 5. Cathain a chomhroinnimid sonraí pearsanta le daoine eile

Tá sé de dhualgas orainn rúndacht gach faisnéise a thugtar dúinn a chosaint. Gabhaimid go hiomlán orainn féin sonraí a thugtar dúinn a chosaint ar úsáid nó ar nochtadh, ach amháin mar a fhoráiltear le dlí.

Féadfaimid do shonraí a chomhroinnt le tríú páirtithe nuair a cheadaítear nó nuair a éilíonn foráil reachtach ar leith é sin, nuair is gá na sonraí pearsanta a chomhroinnt chun go bhféadfaidh an Oifig a feidhmeanna a chomhlíonadh agus nuair a bhíonn tríú páirtithe ag soláthar seirbhísí dúinn. Déanfar gach aistriú laistigh de cheanglais na reachtaíochta cosanta sonraí.

Chun críocha RGCS agus na reachtaíochta cosanta sonraí, ní hionann próiseáil sonraí pearsanta ag conraitheoirí thar ceann na hOifige agus nochtadh.

## 6. Próiseáil lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE)

De ghnáth, ní aistreoidh an Oifig sonraí pearsanta amach as an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó chuig tríú tíortha. I gcás aon athraithe ina leith sin, comhlíonfaimid ár n-oibleagáidí faoi Airteagal 46 de RGCS trí cheann de na bearta cuí atá faofa ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus ag an gCoimisiún Eorpach a ghlacadh chun a chinntiú go bhfuil aistrithe den sórt sin dleathach.

## 7. Do shonraí pearsanta a choinneáil slán

Tá sé de dhualgas orainn faoi raon leathan forálacha reachtacha agus riaracháin rúndacht sonraí oifigiúla a chosaint. Áirítear leis sin taifid a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe, úsáid neamhriachtanach, athrú, scrios nó nochtadh. Tabharfaimid an-aird ar ár n-oibleagáidí agus déanaimid ár ndícheall a chinntiú go ndéanaimid príobháideacht sonraí pearsanta a chothabháil.

Bainimid úsáid as caighdeáin arda slándála idir fhisiceach agus theicniúil chun rúndacht do shonraí pearsanta a chosaint. Tá gach ball foirne ar an eolas faoin gcaighdeán slándála sonraí a bhfuiltear ag súil leo. Ní bhaineann cearta rochtana na foirne ach leis na sonraí is gá a fháil chun a gcuid dualgas ceaptha a chomhlíonadh.

Coinneoimid cuntasach aon fhostaí a bhfaightear amach gur sháraigh sé/sí na rialacha um chosaint sonraí.

Léirímid ár gcuntasacht maidir le cosaint sonraí agus le comhlíonadh ár n-oibleagáidí faoin reachtaíocht cosanta sonraí ar na slite seo a leanas

- beartais chuí agus nósanna imeachta cuí a bheith i bhfeidhm maidir le cosaint sonraí, slándáil faisnéise, rialú rochtana agus bainistíocht taifead
- córas bainistíochta slándála faisnéise atá deimhnithe de réir ISO 27001
- a chinntiú go ndéantar iniúchtaí inmheánacha ar ár mbainistíocht slándála faisnéise
- oifigeach cosanta sonraí a cheapadh
- a chinntiú go bhfuil fostaithe ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoi RGCS
- ionduchtú agus oiliúint feasachta agus treoir thráthrialta a chur ar fáil agus fóram slándála faisnéise a bheith i bhfeidhm chun formhaoirseacht a dhéanamh ar na próisis slándála faisnéise agus na próisis chosanta sonraí san Oifig.

## 8. Do chearta faoi RGCS

Faoi RGCS, tá ceart agat

- faisnéis a fháil (e.g., an cuspóir/na cuspóirí ar lena aghaidh nó lena n-aghaidh a phróiseáiltear do shonraí)
- rochtain a fháil ar fhaisnéis (e.g., sonraí atá againn fút)
- go gceartófaí do shonraí pearsanta
- go ndéanfaí do shonraí a scriosadh (‘ceart go ligfí i ndearmad’)
- srian a chur ar phróiseáil
- chun iniomparthacht sonraí agus chun cur i gcoinne próiseála
- gan a bheith faoi réir cinnteoireacht aonair uathoibrithe.

Foráiltear le halt 60(3)(c)(iii) d’Acht 2018 do shrian a chur ar fheidhmiú na gceart sin i gcás go bhfaightear sonraí pearsanta go hindíreach chun ár bhfeidhmeanna reachtúla a fheidhmiú. Déantar é sin lena chinntiú nach gcuirtear srian ábhartha ar chumas an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a fheidhmeanna reachtúlaagus bunreachtúla a chomhlíonadh.

## 9 Iarraidh ar rochtain ar shonraí a dhéanamh

Mar ábhar sonraí, tá an ceart agat rochtain a iarraidh ar do shonraí pearsanta. Is féidir leat iarraidh rochtana a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh lenár nOifigeach Cosanta Sonraí trí úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála thíos. Chun cabhrú linn do shonraí a sholáthar agus déileáil le d’iarraidh ar bhealach níos tapúla, ba chóir duit dóthain sonraí a chur san áireamh ionas gur féidir linntú a aithint.

**An tOifigeach Cosanta Sonraí**

An tOifigeach Cosanta Sonraí

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
D01 PF72

Fón: (01) 863 8600

Ríomhphost: dpo@audit.gov.ie

***Cé chomh luath agus a gheobhaidh tú freagra?***

Déileálfaimid le d'iarraidh go pras agus eiseoimid freagra chomh luath agus is féidir. Ceanglaítear le RGCS agus le reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann orainn freagra a eisiúint laistigh de mhí amháin ón iarraidh a fháil.

Is féidir linn an t-am chun freagra a thabhairt a shíneadh faoi dhá mhí eile má tá an iarraidh casta nó má tá roinnt iarrataí faighte againn uait, ach ní mór dúinn fós tú a chur ar an eolas laistigh de mhí amháin tar éis dúinn d'iarraidh a fháil agus a mhíniú duit cén fáth a bhfuil an síneadh ama i gceist. riachtanach.

***An féidir le duine iarraidh rochtana a dhéanamh ar do shon?***

Is féidir. Is féidir leat iarraidh ar dhuine eile sonraí a iarraidh ar do shon, mar shampla, cara, gaol nó aturnae. Ní mór d'údarás a bheith againn chun é sin a dhéanamh. De ghnáth, is litir shínithe é sin ina dtugtar údarás don duine scríobh chugainn le haghaidh do shonraí agus/nó chun ár bhfreagra a fháil.

***An féidir linn, mar rialaitheoir sonraí, soiléiriú a iarraidh uait maidir le d'iarraidh?***

Is féidir. I gcás go bpróiseálaimid, mar rialaitheoir sonraí, méid mór faisnéise a bhaineann leat, is féidir linn soiléiriú a iarraidh uait maidir leis an bhfaisnéis nó na gníomhaíochtaí próiseála a dteastaíonn uait rochtain a fháil orthu nó faisnéis a fháil ina leith.

***An féidir leat na sonraí go léir atá á sealbhú fút a fháil?***

Ní féidir i ngach cás. Ceadaítear le RGCS agus le reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann dúinn sonraí pearsanta a choinneáil siar i gcúinsí áirithe.

Faoi Airteagal 12(5) de RGCS, i gcás go bhfuil iarraidh rochtana 'gan bhunús nó iomarcach', féadfaimid, nuair is cuí, diúltú gníomhú ar iarraidh.

Foráiltear le hAirteagal 15(4) de RGCS do theorannú ginearálta ar fheidhmiú an chirt rochtana ar fhaisnéis trína fhoráil nach mbeadh tionchar diúltach ('tionchar díobhálach') ag an gceart chun cóip a fháil de na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil ar chearta ná ar shaoirsí daoine eile. Féachfaidh an Oifig, áfach, le haon iarraidh a chomhlíonadh a mhéid is féidir agus ag an am céanna cosaint leordhóthanach a chinntiú do chearta agus do shaoirsí daoine eile.

Ceadaítear le hAirteagal 23 de RGCS freisin do chearta ábhar sonraí a shrianadh i gcúinsí áirithe agus ceadaítear le halt 60(3)(c)(iii) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, dúinn sonraí pearsanta a choinneáil siar i gcás go gcoimeádtar na sonraí le haghaidh fheidhmíocht fheidhmeanna reachtúla an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Is féidir tuilleadh sonraí ar shrianta ar an gceart rochtana a fháil ó shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.

## 10. Achomharc a dhéanamh i gcoinne diúltaithe

Féadfaidh tú achomharc díreach a dhéanamh i gcoinne diúltú rochtain a thabhairt ar do shonraí chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Sula ndéanann tú amhlaidh, molaimid duit dul i dteagmháil linn chun na cúinsí a dheimhniú agus chun a chur in iúl go bhfuil sé ar intinn agat achomharc a dhéanamh chuig an gCoimisiún.

## 11. Do shonraí pearsanta a cheartú

Déanaimid gach iarracht a chinntiú go bhfuil do shonraí pearsanta cruinn agus cothrom le dáta.

Má cheapann tú go bhfuil do shonraí pearsanta míchruinn nó neamhiomlán, is féidir leat teagmháil a dhéanamh lenár nOifigeach Cosanta Sonraí i scríbhinn nó trí ríomhphost trí úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála i gCuid 9 thuas, chun iad a cheartú nó chun cur leo. Ba cheart duit na sonraí pearsanta atái gceist a leagan amach go soiléir agus na fáthanna a measann tú go bhfuil siad míchruinn nó neamhiomlán.

Nuair a dheimhnímid go bhfuil na sonraí pearsanta lena mbaineann an iarraidh míchruinn, ceartóimid na sonraí gan moill mhíchuí ach tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis an dáta a fuarthas an iarraidh.

Tá rochtain ag gach fostaí de chuid na hOifige ar a sonraí pearsanta atá i seilbh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, ar féidir leo féin iad a rochtain agus a nuashonrú lena chinntiú go bhfuil siad cruinn.

## 12. Conas gearán a dhéanamh

Má tá tú buartha maidir leis an mbealach a láimhseálaimid do shonraí pearsanta nó más mian leat a thuairisciú gur tharla sárú sonraí, is féidir leat teagmháil a dhéanamh lenár nOifigeach Cosanta Sonraí trí úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála i gCuid 9 thuas. Déanfaimid an ní a imscrúdú go hiomlán agus cuirfimid toradh an imscrúdaithe in iúl duit nuair a bheidh sé críochnaithe.

Má tá tú míshásta leis an gcaoi a láimhseálaimid do shonraí pearsanta, tá an ceart agat freisin d'ábhair imní a chur in iúl don Choimisiún um Chosaint Sonraí mar údarás maoirseachta na hÉireann. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ar na bealaí seo a leanas

- ***Suíomh Gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí***
  www.dataprotection.ie/ga
- ***Tríd an bPost***
  An Coimisiún um Chosaint Sonraí
  21 Cearnóg Mhic Liam Theas
  Baile Átha Cliath 2
  D02 RD28

## 13. Ár gcód cleachtais um chosaint sonraí

Tá Cód Cleachtais um Chosaint Sonraí Pearsanta i bhfeidhm againn, rud a chuirtear ar fáil don fhoireann ar fad agus atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin freisin.

## 14. Ceisteanna faoi chosaint sonraí

Má tá aon cheist agat maidir le cosaint sonraí san Oifig, is féidir leat teagmháil a dhéanamh lenár nOifigeach Cosanta Sonraí a bheidh sásta cabhrú leat, sonraí teagmhála i gCuid 9 thuas.

## 15. Sonraí teagmhála an rialaitheora sonraí

Is í an Oifig an rialaitheoir sonraí le haghaidh na sonraí pearsanta a phróiseálann sí. Is féidir leat dul i dteagmháil leis an Oifig ar roinnt bealaí, atá leagtha amach ar an leathanach teagmhála ar ár suíomh gréasáin.

## 16. Athruithe ar ár mBeartas um Chosaint Sonraí (Príobháideachta)

Déanann Fóram Slándála Faisnéise na hOifige athbhreithniú bliantúil ar an mBeartas Cosanta Sonraí (Príobháideachta) seo.

## 17. Doiciméid Ghaolmhara

Tá an reachtaíocht seo a leanas ceangailte leis an mbeartas seo:

- Rialachán (AE) 2016/679 (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)
- An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018.

***Dáta an athbhreithnithe dheireanaigh:*** *Bealtaine 2024*

***Dáta an chéad athbhreithnithe eile:*** *Bealtaine 2025*